Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Meitheamh 2023
(OR. en)

9705/23

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0160(NLE)

MI 449
ECO 45
ENT 108
UNECE 8

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Fhóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip i leith tograí le haghaidh modhnuithe ar rialacháin Uimh. 13, 16, 24, 41, 49, 51, 54, 75, 78, 79, 83, 85, 94, 95, 101, 109, 110, 117, 127, 129, 134, 135, 137, 153 agus 155 ó na Náisiúin Aontaithe, i leith togra le haghaidh rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí domhanda fíorthiomána, i leith togra le haghaidh modhnú ar RTD Uimh. 13 ó na Náisiúin Aontaithe, agus i leith togra le haghaidh RTD nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí coscáin ó fheithiclí saothair éadroim a thomhas sa tsaotharlann |

**CINNEADH (AE) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Fhóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip i leith tograí le haghaidh modhnuithe ar rialacháin Uimh. 13, 16, 24, 41, 49, 51, 54, 75, 78, 79, 83, 85, 94, 95, 101, 109, 110, 117, 127, 129, 134, 135, 137, 153 agus 155 ó na Náisiúin Aontaithe, i leith togra le haghaidh rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí domhanda fíorthiomána, i leith togra le haghaidh modhnú ar RTD Uimh. 13 ó na Náisiúin Aontaithe, agus i leith togra le haghaidh RTD nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí coscáin ó fheithiclí saothair éadroim a thomhas sa tsaotharlann**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 97/836/CE ón gComhairle[1], d'aontaigh an tAontas do Chomhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) a bhaineann le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i gcomhair feithiclí rothacha, trealamh agus páirteanna ar féidir iad a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha agus a bhaineann leis na coinníollacha i ndáil le haitheantas frithpháirteach le haghaidh ceaduithe arna ndeonú ar bhonn na saintreoracha seo ('Comhaontú Athbhreithnithe 1958'). Tháinig Comhaontú Athbhreithnithe 1958 i bhfeidhm an 24 Márta 1998.

(2) Le Cinneadh 2000/125/CE ón gComhairle[2], d'aontaigh an tAontas don Chomhaontú a bhaineannle rialacháin theicniúla dhomhanda a bhunú i gcomhair feithiclí rothacha, trealamh agus páirteanna ar féidir iad a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha ('an Comhaontú Comhthreomhar'). Tháinig an Comhaontú Comhthreomhar i bhfeidhm an 15 Feabhra 2000.

---

1 Cinneadh 97/836/CE ón gComhairle an 27 Samhain 1997 d'fhonn go n-aontóidh an Comhphobal Eorpach do Chomhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip a bhaineann le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i gcomhair feithiclí rothacha, trealaimh agus páirteanna ar féidir iad a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha agus a bhaineann leis na coinníollacha i ndáil le haitheantas frithpháirteach le haghaidh ceaduithe arna ndeonú ar bhonn na saintreoracha seo ('Comhaontú Athbhreithnithe 1958') (IO L 346, 17.12.1997, lch. 78).

2 Cinneadh 2000/125/CE ón gComhairle an 31 Eanáir 2000 a bhaineann le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe a bhaineann le rialacháin theicniúla dhomhanda a bhunú i gcomhair feithiclí rothacha, trealamh agus páirteanna ar féidir iad a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha ('an Comhaontú Comhthreomhar') (IO L 35, 10.2.2000, lch. 12).

(3) Le Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], leagtar síos forálacha riaracháin agus ceanglais theicniúla maidir le cineálcheadú agus cur ar an margadh gach feithicle nua, gach córais nua, gach comhpháirte nua agus gach aonaid theicniúil nua ar leithligh. Ionchorpraítear leis an Rialachán sin rialacháin arna nglacadh faoi Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 ('rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe') i gcóras cineálcheadaithe an Aontais, mar cheanglais maidir le cineálcheadú nó mar roghanna malartacha ar reachtaíocht an Aontais.

(4) De bhun Airteagal 1 de Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 agus Airteagal 6 den Chomhaontú Comhthreomhar, féadfaidh Fóram Domhanda UNECE um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí (WP.29) tograí a ghlacadh le haghaidh modhnuithe ar rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe, RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe agus rúin ó na Náisiúin Aontaithe, agus tograí le haghaidh rialacháin nua ó na Náisiúin Aontaithe, RTDanna nua ó na Náisiúin Aontaithe agus rúin nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le feithiclí a cheadú. Thairis sin, de bhun na bhforálacha sin, féadfaidh WP.29 UNECE tograí a ghlacadh le haghaidh údaruithe chun leasuithe ar RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe a fhorbairt nó chun RTDanna nua ó na Náisiúin Aontaithe a fhorbairt, agus féadfaidh sé tograí a ghlacadh chun sainorduithe le haghaidh RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe a shíneadh.

---

[1] Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).

(5) Ón 20 go dtí an 22 Meitheamh 2023, le linn a 190ú seisiún, féadfaidh WP.29 an méid seo a leanas a ghlacadh: tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Uimh. 13, 16, 24, 41, 49, 51, 54, 75, 78, 79, 83, 85, 94, 95, 101, 109, 110, 117, 127, 129, 134, 135, 137, 153, agus 155 ó na Náisiúin Aontaithe; togra le haghaidh rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí domhanda fíorthiomána; togra le haghaidh modhnú ar RDT Uimh. 13 ó na Náisiúin Aontaithe; agus togra le haghaidh RTD nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí coscáin ó fheithiclí saothair éadroim a thomhas sa tsaotharlann.

(6) Beidh na rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe ina gceangal ar an Aontas. In éineacht le RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe, beidh tionchar cinntitheach acu ar ábhar dhlí an Aontais i réimse chineálcheadú na bhfeithiclí. Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in WP.29 a leagan síos maidir leis na tograí sin a ghlacadh.

(7) Chun taithí agus forbairtí teicniúla a léiriú, is gá na ceanglais maidir le gnéithe áirithe a chumhdaítear le rialacháin Uimh. 13, 16, 24, 41, 49, 51, 54, 75, 78, 79, 83, 85, 94, 95, 101, 109, 110, 117, 127, 129, 134, 135, 137, 153, agus 155 ó na Náisiúin Aontaithe, agus le RTD Uimh. 13 ó na Náisiúin Aontaithe, a leasú nó a fhorlíonadh.

(8) Chun go bhféadfar dul chun cinn teicniúil a dhéanamh agus chun an lorg comhshaoil a laghdú, is gá rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí domhanda fíorthiomána agus RTD nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí coscáin ó fheithiclí saothair éadroim a thomhas sa tsaotharlann a ghlacadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i bhFóram Domhanda UNECE um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí le linn an 190ú seisiún, a thionólfar idir an 20 agus an 22 Meitheamh 2023, vótáil i bhfabhar na dtograí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## IARSCRÍBHINN

| Rialachán Uimh. | Teideal mhír an chláir oibre | Cód tagartha an doiciméid[1] |
|---|---|---|
| 13 | Togra le haghaidh shraith leasuithe 13 a ghabhfaidh le Rialachán Uimh. 13 ó na Náisiúin Aontaithe (Coscánú feithiclí troma) ECE/TRANS/WP.29/GRVA/15, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2023/2, arna leasú le GRVA-15-56 | ECE/TRANS/WP.29/2023/66 |
| 16 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 4 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 08 ar Rialachán Uimh. 16 ó na Náisiúin Aontaithe (Criosanna sábhála) (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/72, míreanna 11 agus 13, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2021/20 arna leasú le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an tuarascáil agus ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2021/25 gan leasú) | ECE/TRANS/WP.29/2023/46 |
| 24 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 10 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 03 ar Rialachán Uimh. 24 ó na Náisiúin Aontaithe (Truailleáin infheicthe, cumhacht inneall adhainte comhbhrú a thomhas (Deatach díosail)) (ECE/TRANS/WP.29/GRPE/87, mír 20, bunaithe ar GRPE-87-07-Rev.1, arna leasú le hIarscríbhinn VIII) | ECE/TRANS/WP.29/2023/58 |

[1] Tá na doiciméid uile dá dtagraítear sa tábla ar fáil ag: (WP.29) An Fóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí (190ú seisiún) | Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE)

| Rialachán Uimh. | Teideal mhír an chláir oibre | Cód tagartha an doiciméid[1] |
|---|---|---|
| 41 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 05 ar Rialachán Uimh. 41 ó na Náisiúin Aontaithe (Astaíochtaí Torainn ó Ghluaisrothair) ECE/TRANS/WP.29/GRBP/75, mír 3, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRBP/2023/6) | ECE/TRANS/WP.29/2023/72 |
| 49 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 8 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 06 ar Rialachán Uimh. 49 ó na Náisiúin Aontaithe (Astaíochtaí ó innill adhainte comhbhrú agus ó innill adhainte deimhní (gáis peitriliam leachtaithe (GPL) agus gáis nádúrtha)) (ECE/TRANS/WP.29/GRPE/87, mír 49, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRPE/2023/5) | ECE/TRANS/WP.29/2023/59 |
| 49 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 07 ar Rialachán Uimh. 49 ó na Náisiúin Aontaithe (Astaíochtaí ó innill adhainte comhbhrú agus ó innill adhainte deimhní (gáis peitriliam leachtaithe (GPL) agus gáis nádúrtha)) (ECE/TRANS/WP.29/GRPE/87, mír 54, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRPE/2023/6, GRPE-87-30 agus GRPE-87-53, arna leasú le hIarscríbhinn X) | ECE/TRANS/WP.29/2023/60 |
| 51 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 9 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 03 ar Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe (Torann ó fheithiclí i gcatagóirí M agus N) ECE/TRANS/WP.29/GRBP/75, mír 9, bunaithe ar GRBP-77-13-Rev.1) | ECE/TRANS/WP.29/2023/71 |

| Rialachán Uimh. | Teideal mhír an chláir oibre | Cód tagartha an doiciméid[1] |
|---|---|---|
| 54 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 26 a ghabhfaidh le Rialachán Uimh. 54 ó na Náisiúin Aontaithe. (Boinn le haghaidh feithiclí tráchtála agus a leantóirí) ECE/TRANS/WP.29/GRBP/75, bunaithe ar GRBP77-24, arna leasú le ECE/TRANS/WP.29/GRBP/75) | ECE/TRANS/WP.29/2023/73 |
| 75 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 20 ar Rialachán Uimh. 75 (Boinn le haghaidh feithiclí i gcatagóir L) ECE/TRANS/WP.29/GRBP/75, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRBP/2023/7, arna leasú le GRBP-77-21) | ECE/TRANS/WP.29/2023/74 |
| 78 | Togra le haghaidh shraith leasuithe 06 ar Rialachán Uimh. 78 (Coscánú feithiclí i gcatagóir L) ECE/TRANS/WP.29/GRVA/15, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2023/4, arna leasú le GRVA-15-57) | ECE/TRANS/WP.29/2023/67 |
| 79 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 9 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 03 ar Rialachán Uimh. 79 ó na Náisiúin Aontaithe (Trealamh stiúrtha) ECE/TRANS/WP.29/GRVA/15, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2023/6, arna leasú le GRVA-15-54) | ECE/TRANS/WP.29/2023/68 |
| 79 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 4 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 04 ar Rialachán Uimh. 79 ó na Náisiúin Aontaithe (Trealamh stiúrtha) ECE/TRANS/WP.29/GRVA/15, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2023/6, arna leasú le GRVA-15-54) | ECE/TRANS/WP.29/2023/69 |

| Rialachán Uimh. | Teideal mhír an chláir oibre | Cód tagartha an doiciméid[1] |
|---|---|---|
| 83 | Togra le haghaidh shraith leasuithe 08 ar Rialachán Uimh. 83 (Astaíochtaí ó fheithiclí saothair éadroim) (ECE/TRANS/WP.29/GRPE/87, mír 35, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRPE/2023/2, GRPE-87-26-Rev.1, arna leasú le hAguisín 1) | ECE/TRANS/WP.29/2023/57 |
| 83 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 17 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 05 ar Rialachán Uimh. 83 ó na Náisiúin Aontaithe (Astaíochtaí ó fheithiclí M1 agus N1) (ECE/TRANS/WP.29/GRPE/87, mír 14, bunaithe ar GRPE-87-13-Rev.1, arna leasú le hIarscríbhinn IV) | ECE/TRANS/WP.29/2023/61 |
| 83 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 19 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 06 ar Rialachán Uimh. 83 ó na Náisiúin Aontaithe (Astaíochtaí ó fheithiclí M1 agus N1) (ECE/TRANS/WP.29/GRPE/87, mír 15, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRPE/2023/10, GRPE-87-13-Rev.2, arna leasú le hIarscríbhinn V) | ECE/TRANS/WP.29/2023/62 |
| 83 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 16 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 07 ar Rialachán Uimh. 83 ó na Náisiúin Aontaithe (Astaíochtaí ó fheithiclí M1 agus N1) (ECE/TRANS/WP.29/GRPE/87, mír 16, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRPE/2023/10, GRPE-87-13-Rev.2, arna leasú le hIarscríbhinn VI) | ECE/TRANS/WP.29/2023/63 |

| Rialachán Uimh. | Teideal mhír an chláir oibre | Cód tagartha an doiciméid[1] |
|---|---|---|
| 85 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 12 a ghabhfaidh le Rialachán Uimh. 85 ó na Náisiúin Aontaithe (Tomhais na Glanchumhachta agus na Cumhachta 30 Nóiméad) (ECE/TRANS/WP.29/GRPE/87, mír 60., bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRPE/2023/7, arna leasú le GRPE-87-16-Rev.1, arna mhacasamhlú in Iarscríbhinn XI) | ECE/TRANS/WP.29/2023/64 |
| 94 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 04 ar Rialachán Uimh. 94 ó na Náisiúin Aontaithe (Imbhualadh tosaigh) (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/72, mír 43, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2022/22, gan leasú) | ECE/TRANS/WP.29/2023/47 |
| 95 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 3 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 05 ar Rialachán Uimh. 95 ó na Náisiúin Aontaithe (Imbhualadh taobhaí (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/72, mír 43, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2022/23, gan leasú) | ECE/TRANS/WP.29/2023/48 |

| Rialachán Uimh. | Teideal mhír an chláir oibre | Cód tagartha an doiciméid[1] |
|---|---|---|
| 101 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 12 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 101 ó na Náisiúin Aontaithe (Astaíocht CO2/ídiú breosla) (ECE/TRANS/WP.29/GRPE/87, mír 19, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRPE/2023/11, ECE/TRANS/WP.29/GRPE/2023/13 agus GRPE-87-07-Rev.1, arna leasú le hIarscríbhinn VII) | ECE/TRANS/WP.29/2023/65 |
| 109 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 12 a ghabhfaidh le Rialachán Uimh. 109 ó na Náisiúin Aontaithe (Boinn atráchtaithe le haghaidh feithiclí tráchtála agus a leantóirí) ECE/TRANS/WP.29/GRBP/75, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRBP/2023/4, GRBP-77- 22, arna leasú le ECE/TRANS/WP.29/GRBP/75) | ECE/TRANS/WP.29/2023/75 |
| 110 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 4 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 04 ar Rialachán Uimh. 110 ó na Náisiúin Aontaithe (Feithiclí GPL agus gáis nádúrtha) (ECE/TRANS/WP.29/GRSG/103, mír 21, bunaithe ar GRSG-124-32, arna mhacasamhlú in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an tuarascáil) | ECE/TRANS/WP.29/2023/78 |
| 117 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 04 ar Rialachán Uimh 117 (Friotaíocht rollta bonn, torann rollta agus fliuchghreim) ECE/TRANS/WP.29/GRBP/75, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRBP/2023/5, arna leasú le GRBP-77-32 agus ECE/TRANS/WP.29/GRBP/2023/8) | ECE/TRANS/WP.29/2023/76 |

| Rialachán Uimh. | Teideal mhír an chláir oibre | Cód tagartha an doiciméid[1] |
|---|---|---|
| 127 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 03 ar Rialachán Uimh. 127 ó na Náisiúin Aontaithe (Sábháilteacht coisithe) (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/72, mír 26, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2022/18, arna leasú le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an tuarascáil) | ECE/TRANS/WP.29/2023/49 |
| 127 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 04 ar Rialachán Uimh. 127 ó na Náisiúin Aontaithe (Sábháilteacht coisithe) (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/72, mír 26, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2022/19, arna leasú le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an tuarascáil) | ECE/TRANS/WP.29/2023/50 |
| 129 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 9 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 03 ar Rialachán Uimh. 129 ó na Náisiúin Aontaithe (Srianta feabhsaithe sábháilteachta linbh) (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/72, míreanna 27 go 29, bunaithe ar GRSP-72-01 agus GRSP-72-16, arna macasamhlú in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an tuarascáil, ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2021/26, arna leasú le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an tuarascáil agus ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2022/25, gan leasú) | ECE/TRANS/WP.29/2023/51 |

| Rialachán Uimh. | Teideal mhír an chláir oibre | Cód tagartha an doiciméid[1] |
|---|---|---|
| 134 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 5 a ghabhfaidh leis an leagan bunaidh de Rialachán Uimh. 134 ó na Náisiúin Aontaithe (Feithiclí hidrigine agus breosla-chille) (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/72, mír 32, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2022/15, gan leasú) | ECE/TRANS/WP.29/2023/52 |
| 134 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 134 ó na Náisiúin Aontaithe (Feithiclí hidrigine agus breosla-chille) (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/72, mír 32, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2022/15, gan leasú) | ECE/TRANS/WP.29/2023/53 |
| 135 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 02 ar Rialachán Uimh. 135 ó na Náisiúin Aontaithe (Imbhualadh taobhaí cuaille) (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/72, mír 43, bunaithe ar GRSP-72-46, arna mhacasamhlú in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an tuarascáil) | ECE/TRANS/WP.29/2023/54 |
| 137 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 4 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 02 ar Rialachán Uimh. 137 ó na Náisiúin Aontaithe (Imbhualadh tosaigh agus an bhéim ar chórais srianta) (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/72, mír 43, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2022/24, gan leasú) | ECE/TRANS/WP.29/2023/55 |

| Rialachán Uimh. | Teideal mhír an chláir oibre | Cód tagartha an doiciméid[1] |
|---|---|---|
| 153 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 3 a ghabhfaidh leis an leagan bunaidh de Rialachán Uimh. 153 ó na Náisiúin Aontaithe (Sláine an chórais breosla agus sábháilteacht an ghléasra cumhachta leictrigh i gcás imbhualadh deiridh) (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/72, mír 40, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2021/29, arna leasú le hIarscríbhinn VI a ghabhann leis an tuarascáil) | ECE/TRANS/WP.29/2023/56 |
| 155 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhfaidh le téacs bunaidh Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe (Cibearshlándáil agus córas bainistíochta cibearshlándála) (ECE/TRANS/WP.29/GRVA/15, Iarscríbhinn III (bunaithe ar GRVA-15-05)) | ECE/TRANS/WP.29/2023/70 |
| Rialachán nua | Togra le haghaidh Rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hAstaíochtaí Domhanda Fíorthiománа (RDEnna Domhanda) (ECE/TRANS/WP.29/GRPE/87, mír 45, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRPE/2023/3 agus GRPE-87-49, arna leasú le hAguisín 2) | ECE/TRANS/WP.29/2023/77 |

| Rialacháin Theicniúla Dhomhanda (RTDanna) | Teideal mhír an chláir oibre | Cód tagartha an doiciméid |
|---|---|---|
| 13 | Togra le haghaidh Leasú 1 ar RTD Uimh. 13 ó na Náisiúin Aontaithe (Feithiclí hidrigine agus feithiclí breosla-chille) (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/72, mír 8, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2022/16, arna leasú le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an tuarascáil) | ECE/TRANS/WP.29/2023/81 |
| RTD nua | Togra le haghaidh RTD nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hAstaíochtaí coscáin ó fheithiclí saothair éadroim a thomhas sa tsaotharlann (ECE/TRANS/WP.29/GRPE/87, mír 66, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRPE/2023/4 agus GRPE-87-40, arna leasú le hAguisín 3) | ECE/TRANS/WP.29/2023/79 |

| Nithe ilghnéitheacha | Teideal mhír an chláir oibre | Cód tagartha an doiciméid |
|---|---|---|
| | Togra le haghaidh údarú athbhreithnithe chun RTD ó na Náisiúin Aontaithe a fhorbairt maidir le hAstaíochtaí Domhanda Fíorthiomána (RDEnna). (ECE/TRANS/WP.29/GRPE/87, mír 47, bunaithe ar GRPE-87-51, arna leasú le hIarscríbhinn IX) | ECE/TRANS/WP.29/2023/84 |
| | Togra le haghaidh iarraidh ar údarú chun RTD nua ó na Náisiúin Aontaithe a fhorbairt maidir le marthanacht ceallraí infheithicle le haghaidh feithiclí tromshaothair leictrithe (ECE/TRANS/WP.29/GRPE/87, mír 75, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRPE/2023/8) | ECE/TRANS/WP.29/2023/85 |

| Nithe ilghnéitheacha | Teideal mhír an chláir oibre | Cód tagartha an doiciméid |
|---|---|---|
| | Leasú ar ECE/TRANS/WP.29/2022/58 dar teideal ‘Modh Nua Measúnaithe/Tástála le haghaidh Treoirlínte Tiomána Uathoibrithe maidir le Córas Tiomána Uathoibrithe a Bhailíochtú’<br>(ECE/TRANS/WP.29/1171, mír 23) | ECE/TRANS/WP.29/2023/44/ Rev.1 |
| | Togra le haghaidh leasú ar an Doiciméad Léirmhínithe le haghaidh Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe (ECE/TRANS/WP.29/GRVA/15, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2023/5, arna leasú le GRVA-15-21 chomh maith le GRVA-15-06) | ECE/TRANS/WP.29/2023/45 |
| | Togra le haghaidh tuarascáil stádais chríochnaitheach maidir le forbairt Rialacháin Theicniúil Dhomhanda nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le maidir le hAstaíochtaí Coscáin ó Fheithiclí Saothair Éadroim a Thomhas sa tsaotharlann (ECE/TRANS/WP.29/GRPE/87, mír 66, bunaithe ar GRPE-87-41, arna leasú le hIarscríbhinn XII) | ECE/TRANS/WP.29/2023/80 |
| | Togra le haghaidh tuarascáil chríochnaitheach ar dhul chun cinn maidir le Leasú 1 ar RTD Uimh. 13 ó na Náisiúin Aontaithe (Feithiclí hidrigine agus feithiclí breosla-chille) (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/72, mír 8, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2022/17, arna leasú le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an tuarascáil) | ECE/TRANS/WP.29/2023/82 |
| | Modheolaíocht Astaíochtaí Fíorthiomána (RDE) na Seapáine (athdheimhniú) | ECE/TRANS/WP.29/2023/83 |